# EESC Info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil society

July 2021 | GA

## Podchraoladh – Dearcadh na cosmhuintire - Séasúr 2, Clár 3: Insint nua ar an Eoraip

Ní thacaíonn do bhrabhsálaí leis an gcomhad fuaime.

**Léirigh géarchéim COVID-19 a thábhachtaí atá an dlúthpháirtíocht idir Ballstáit, institiúidí agus saoránaigh an Aontais Eorpaigh. Ina fhianaise sin, pléifimid cad ina thaobh ar céim nua thábhachtach í an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, ar cuireadh tús léi le déanaí, a chuideoidh linn machnamh a dhéanamh le chéile faoinár dtodhchaí Eorpach choiteann.**

Leagfaidh Uachtarán CESE **Christa Schweng** amach an **insint nua ar an Eoraip** a mbeidh CESE ag áitiú ar a son ina cháilíocht mar bhreathnadóir ar bhord feidhmiúcháin na Comhdhála agus geallfaidh sí go mbainfear leas as líonra fairsing an Choiste a chlúdaíonn iomlán na sochaí sibhialta eagraithe d'fhonn an rannpháirtíocht is leithne is féidir a chinntiú.

Farainn freisin beidh **Guy Verhofstadt**, FPE, ball de bhord feidhmiúcháin na Comhdhála agus iar-phríomh-aire na Beilge, arb é an té a mhol Dearbhú Laeken in 2001 é, rud a chuir an Coinbhinsiún Eorpach ar bun. Cuirfidh seisean i bhfios go láidir chomh maith go bhfuil cor cinniúnach roimh an Eoraip agus gur mithid di an bealach atá amach roimpi a leagan síos *i gcomhar* leis na saoránaigh.

Dar le **Lorenzo Consoli**, comhfhreagraí AE agus saineolaí den scoth ar ghnóthaí na hEorpa, nach bhfaca sé, le linn na dtríocha bliain atá caite aige sa Bhruiséil, oiread sin cleachtaí daonlathacha uaillmhianacha uile-

# EDITORIAL



## Eagarfhocal

**Léas dóchais don samhradh**

A chairde,

Tá an samhradh linn agus tá i bhfad níos mó dea-scéalta againn ná mar a bhí an tráth seo anuraidh. Faoi dheireadh mhí Iúil, ba cheart go mbeadh dáileog amháin de vacsaíní COVID-19 faighte ag beagnach 70 % de dhaoine fásta san Aontas. Is féidir taisteal a dhéanamh, cé go bhfuil sé casta fós. Tá dlús curtha le seoladh an chiste téarnaimh NextGenerationEU.

I mí Iúil, is gnách tús a chur le hUachtaránacht nua ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh. An uair seo, is faoin tSlóivéin a bheidh an cúram agus tá súil ag CESE a bheith ag obair i ndlúthchomhar léi i rith na sé mhí sin. Beimid ag obair ar thuairimí taiscéalaíocha a d’iarr an Uachtaránacht, ag díriú ar ábhair amhail foghlaim aosach, digitiú cuimsitheach agus slabhraí bia cothroma. Tá súil againn freisin go bhfágfaidh an staid eipidéimeolaíoch gur féidir linn roinnt imeachtaí i bpearsa a eagrú sa tSlóivéin chun an leas is mó is féidir a bhaint as deiseanna líonraithe.

Cé go bhfuilimid ar bís chun imeacht ar saoire, tá imeachtaí an fhómhair á bpleanáil againn fós. Tá sé ar cheann dár dtosaíochtaí páirt a ghlacadh sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. I mí Mheán Fómhair, cuirfimid tús lenár ngníomhaíochtaí ar an leibhéal áitiúil i mBallstáit uile an Aontais. Eagróidh ár gcomhaltaí, i gcomhar le heagraíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla na sochaí sibhialta, roinnt pléití. Is é an aidhm atá ann éisteacht leis an tsochaí shibhialta ar an leibhéal áitiúil agus a hionchur a áireamh san Insint Nua ar an Eoraip. Táimid ag súil go mór leis na malartuithe tuairimí sin, mar is cinnte go dtiocfaidh an iliomad smaointe úrnua astu.

Tosaíocht eile do mhí Mheán Fómhair is ea faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chiste NextGenerationEU – go háirithe an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Beidh ról lárnach anseo ag ár líonra ollmhór cleachtóirí atá ar an eolas faoi chúrsaí ar an láthair i ngach ceann de na 27 mBallstát. Is mian linn seoladh an chiste a dhéanamh níos rianúla fós trí bhacainní a shainaithint agus trína thabhairt le fios cad tá ag obair go breá agus cad iad na feabhsuithe a d’fhéadfaí a dhéanamh.

Sula dtarlóidh sin uile, ba bhreá liom sos samhraidh iontach a ghuí oraibh uile, a chairde, ina gcaithfidh sibh tamall deas leis an teaghlach agus le cairde. Agus na srianta atá ann fós á n-urramú, ligigí bhur scíth agus bainigí taitneamh as na gnáthrudaí beaga atá ceadaithe diaidh ar ndiaidh arís tar éis daoibh míonna fada a chaitheamh ag streachailt le hiarmhairtí fíordhíobhálacha na paindéime.

**Christa Schweng**

**Uachtarán CESE**

# DIARY DATES

13 Iúil, an Bhruiséil

**Cruinniú Comhchéime maidir leis an Aeráid agus an Inbhuanaitheacht i gcomhar leis an Óige**

22-23 Meán Fómhair 2021, an Bhruiséil

**Seisiún iomlánach CESE**

# “CEIST AMHÁIN DO...”




# Ceist amháin ar...

**Inár roinn "Ceist amháin ar..." iarraimid ar chomhaltaí CESE a bhfreagra a thabhairt ar cheist atá go mór i mbéal an phobail agus atá, dar linn, an-ábhartha go deo.**
**In eagrán mhí Iúil, d'iarramar ar Cristian Pîrvulescu, Uachtarán an Ghrúpa ad hoc um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta, barúil a thabhairt faoin tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.**

## Is ceart í an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh nach mór a chaomhnú agus a chosaint

**Murab ionann is riamh, is é an foréigean is mó atá ag tiomáint na meán sóisialta chun cinn. Dá thoradh sin, tá an baol ann go ndíreofaí foréigean ó bhéal nó foréigean fisiciúil ar na húdaráis éagsúla atá ann, cibé acu údaráis pholaitiúla, phóilíneachta, institiúideacha nó phríobháideacha iad sin. Is cosúil gur féidir an uile rud a rá nó a chosaint ar na meáin shóisialta, is cuma fíor nó bréagach é. Cuir i gcás, níl a bhac ar dhuine atá míshásta a cheapadh go bhfuil láncheart aige an mhíshástacht sin a chur de trí bhuille a bhualadh ar Uachtarán na Fraince fiú amháin.**

**I ngeall air sin, cár cheart dúinn, dar leatsa i do cháilíocht mar chathaoirleach ar an nGrúpa *ad hoc* um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta, an teorainn a leagan síos a fhad a bhaineann le cearta bunúsacha agus saoirsí aonair, ina measc an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh?**

**Cristian Pirvulescu:** bunluach lárnach in aon sochaí dhaonlathach is ea an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Is ceart bunúsach é nach féidir le córas daonlathach feidhmiú dá cheal. Cuid suntais freisin é a thabhairt faoi deara go bhfuil tóir mar dhea ag an uile dhuine, nach mór, ar an daonlathas, fiú amháin iad siúd nach é is aidhm dóibh i gcónaí an daonlathas agus cearta an duine a chosaint do chách.

Mar sin féin, is ceart í an tsaoirse cainte nach dtuigtear sa tslánchruinne go minic. Is iomaí duine a shíleann gur dearbhcheart iomlán í, rud a ligeann dóibh, dar leo, gach amaidí dá dhonacht a chosaint. Uaireanta, má cheadaítear amaidí a scríobh nó a rá, réitíonn sin an bealach don fhoréigean fisiciúil, rud nach féidir glacadh ar bith a bheith leis. Sin é atá feicthe againn le déanaí le linn imeachtaí tragóideacha áirithe, a chuir an cheist faoin gcaoi leis na meáin shóisialta a rialáil i gcroílár na díospóireachta.

Ó thaobh an dlí de, is iad na húdaráis stáit atá freagrach as cearta a fhorfheidhmiú. Is féidir leo srian a chur leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, ach is i gcorrchás eisceachtúil agus ar bhealach an-teoranta amháin a fhéadann siad é sin a dhéanamh; i gcás sochaí dhaonlathach, is bearta deargriachtanacha a chaithfidh a bheith i dtreis sular féidir an srianadh sin a cheadú, mar shampla, bearta atá riachtanach don tslándáil náisiúnta, chun coireacht a chosc, sláinte an phobail a chosaint, etc. I stát atá á rialú de réir an smachta reachta, is faoi na breithiúna atá sé díospóidí a chinneadh agus teorainneacha a leagan síos. Ní féidir leis an bhfeidhmeannas, le daoine aonair ná le grúpaí ceart a bhaint amach as a stuaim féin!

Ina leithéid sin de chás, ní hannamh brath mór a bheith ag ceannairí tabhairt faoi shrian a chur leis an tsaoirse cainte d’fhonn teorainn a chur le héilimh agus dúshláin a thagann ón bpobal. In aois seo na meán sóisialta, ní féidir an chinsireacht a chleachtadh a thuilleadh, mar a dhéantaí tráth. Dá réir sin, tá béim na ceiste iompaithe anois go dtí leathbhreac na saoirse cainte, is é sin an ceart chun faisnéise. Sa lá atá inniu ann, is fíordheacair idirdhealú a dhéanamh ar fhaisnéis atá bunaithe ar fhíorais, ar thaobh amháin, agus ar bhréagaisnéis a scaiptear chun críocha éagsúla, ar an taobh eile.

Níl dul á shéanadh ach go bhfuil siad siúd a ghlacann orthu féin an fhírinne a chosaint – mar shampla, iriseoirí imscrúdaitheacha agus cosantóirí chearta an duine – go bhfuil siad anois ar an líne thosaigh. Mura dtaitníonn a gcuid saothair le ceannairí nó le grúpaí áirithe, is fusa anois ná riamh iad a aithisiú ar líne agus a chur in iúl ar na meáin thraidisiúnta agus na meáin shóisialta gur naimhde ag an náisiún iad nó gníomhairí eachtrannacha; ní gá cinsireacht a dhéanamh orthu! Sampla a ritheann liom láithreach is ea an t-iriseoir Daphne Caruana Galizia. Bhí sí faoi réir iliomad imeachtaí dlí ionsaitheacha (“SLAPPanna” mar a thugtar orthu) sular dúnmharaíodh í. Nuair nárbh fhéidir dóibh í a chur ina tost, bheartaigh cuid díobh í a dhúnmharú! I bhfianaise an fhoréigin atá déanta ar iriseoirí san Eoraip, is léire anois ná riamh gur ceart í an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh nach mór dúinn a chaomhnú agus a chosaint go tréan sa saol nua seo.



# [Cultúr comhroinnte na gceart bunúsach a chothú san Eoraip]

**le comhalta CESE, Cristian Pîrvulescu**

**Níl amhras ar bith ann ach gur imithe le sruth iad na laethanta úd sin a bhíomar in ann talamh slán a dhéanamh de chearta bunúsacha, den smacht reachta, agus den daonlathas ar an mór-roinn. Is léire ná riamh nach mór na luachanna sin a chosaint go réamhghníomhach i gcoinne an phobalachais, na fuathchainte, ionsaithe ar mhionlaigh, an laghdaithe spáis don tsochaí shibhialta, agus an chlaonta atá ar roinnt rialtas díriú ar chumhacht. Tá an [Grúpa *ad hoc* um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta] in CESE dírithe ar chultúr a chothú san Eoraip atá bunaithe ar na cearta bunúsacha.**

Le blianta beaga anuas, bhí ar mhór-roinn na hEorpa seo againne aghaidh a thabhairt ar an iliomad géarchéimeanna, géarchéimeanna a d’fhág gur caitheadh amhras ar luachanna uile an Aontais Eorpaigh a chumhdaítear in [Airteagal 2 den Chonradh]. Ó thús na mílaoise nua, bhí ar mhuintir na hEorpa dul i ngleic leis an uafás dúshlán de dheasca na ngéarchéimeanna sin. Gan ach dornán de na cinn ba mheasa a lua, bhí géarchéim airgeadais na bliana 2008 agus na bearta déine, danartha a tháinig ina diaidh, na bagairtí slándála agus sceimhlitheoireachta a chuaigh i méid, an mórdhúshlán daonnúil a chonacthas i stadanna uafásacha na n-iarrthóirí tearmainn, agus an ghéarchéim sláinte ba mheasa dá bhfacthas le céad bliain anuas.

Ní fhéadfadh CESE a bheith díomhaoin, gan dada a dhéanamh. Bhunaigh sé **Grúpa ad hoc um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta (FRRL)** in 2018, grúpa a bhfuil 21 bhall air agus a bhfuil sé d’onóir agam a bheith i mo chathaoirleach air tar éis dom teacht i gcomharbas ar mo chomhghleacaí dílis, José Antonio Moreno Díaz. Sa ghrúpa sin, is féidir leis an tsochaí shibhialta a cuid tuairimí maidir le forbairtí i réimse na gceart bunúsach, an daonlathais agus an smachta reachta sna Ballstáit a roinnt.

Eagraíonn Grúpa FRRL cuairteanna tíre ar gach Ballstát den Aontas ionas gur féidir leis buaileadh leis na comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le gairmithe sa dlí agus sna meáin, agus leis na húdaráis náisiúnta sna Ballstáit éagsúla. Agus a mbarúlacha á gcur san áireamh, cuireann an grúpa tuarascálacha i dtoll a chéile ina ndéantar cur síos ar an staid i ngach tír.

Ní hé anailís dhlíthiúil a chur ar fáil bun agus barr an ghrúpa. Seachas sin, is é cur chuige foriomlán an ghrúpa féachaint le hidirphlé cuiditheach a éascú maidir leis na saincheisteanna sin a mbíonn ina gcnámh spairne scaití. Tá aiseolas an-dearfach ar fad faighte againn ó ionadaithe ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil sé tugtha faoi deara acu gur spreagadh malartuithe náisiúnta a bhuí leis na tuarascála a chuirimid le chéile.

Is príomhchuspóir eile de chuid Ghrúpa FRRL é tógáil ar na cuairteanna tíre sin chun treochtaí a thagann chun cinn san Eoraip a thabhairt chun léire. Ag éirí as sin, d’eagraíomar ár [gcéad chomhdháil] i mí na Samhna 2019 ar mhaithe le forléargas foriomlán a thabhairt ar a bhfuil ag teacht chun cinn sa [tuarascáil sintéise] maidir leis na chéad chuairteanna tíre. Reáchtálfar an dara comhdháil i mí na Samhna 2021 agus, an tráth sin, tabharfar na geallsealbhóirí le chéile ar mhaithe le plé a dhéanamh ar na Tuarascálacha ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an Smacht Reachta.

Is é an sprioc mheántéarmach atá againn fóram níos leithne na sochaí sibhialta a fhorbairt a fhágfaidh go mbeidh na geallsealbhóirí ábhartha uile in ann páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí cuimsitheacha oscailte maidir le luachanna an Aontais a chosaint. Is é an chéad chéim eile atá amach romhainn rannán gréasáin nua a sheoladh go luath ar a mbeidh na geallsealbhóirí in ann barúlacha scríofa a roinnt.

Ba mhaith le Grúpa FRRL a chion féin a dhéanamh maidir le cultúr comhroinnte Eorpach na gceart bunúsach, an smachta reachta, agus an daonlathais a fhorbairt. I dteannta cuairteanna tíre agus comhdhálacha, tá aird ar leith tugtha ag Grúpa FRRL ar ghéarchéim COVID-19 agus d’eagraigh sé éisteachtaí maidir le tionchar na géarchéime agus an téarnamh uaithi. Tá dhá thuairim féintionscnaimh seolta aige freisin, ceann maidir le cur i gcoinne thionchar na géarchéime agus ceann eile maidir le gné an smachta reachta sna cistí téarnaimh.

Ar an iomlán, is é an buntáiste is mó luach a bhaineann le Grúpa FRRL ná go gcuireann sé le dearcadh socheacnamaíoch na gceart bunúsach agus an smachta reachta, agus go gcruthaíonn sé comhghuaillíocht ina bhfuil gach sórt eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta, á gcur san áireamh na comhpháirtithe sóisialta. Tá an tuairim a foilsíodh maidir le tionchar an smachta reachta ar an bhfás eacnamaíoch ina léiriú ar an gcur chuige sin agus ar an spéis mhéadaitheach atá ag fostóirí agus oibrithe, mar aon le fórsaí na sochaí sibhialta a ndéantar ionadaíocht orthu sa Ghrúpa “Éagsúlacht Eoraip” in CESE, sna ceisteanna sin. Is cuid lárnach d’obair Ghrúpa FRRL é rannpháirtíocht ghníomhach gach grúpa.

# TUGAIGÍ BUILLE FAOI THUAIRIM CÉN T-AOI ATÁ AGAINN...




## Aoi speisialta na míosa seo

**Gach mí, cuirimid aoi speisialta i láthair a bhfuil a shaothar agus a thiomantas ina n-inspioráid do dhaoine eile. D’eagrán mhí Iúil de CESE info, thugamar cuireadh don Dr Hans Henri Kluge, Stiúrthóir Réigiúnach don Eoraip san Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, agus Johan Strid, Stiúrthóir ar *The Ocean Race Summits*.**

Chuir an **Dr Hans Henri P. Kluge** tús lena théarma oifige mar Stiúrthóir Réigiúnach EDS don Eoraip ar an 1 Feabhra 2020, tar éis do Choiste Réigiúnach EDS don Eoraip é a ainmniú agus tar éis do Bhord Feidhmiúcháin EDS é a cheapadh. Tá taithí 25 bliana aige de bheith ag obair in earnáil an leighis agus sa tsláinte phoiblí i dtimpeallachtaí éagsúla ar fud an domhain.

Thosaigh **Johan Strid** mar stiúrthóir ar *The Ocean Race Summit* i mí Lunasa 2020. Roimhe sin, bhí sé ina Ard-Rúnaí ar Choiste Para-Oilimpeach na Sualainne agus, roimhe sin arís, bhí sé ina Ard-Rúnaí ar Ghasóga agus Brídíní na Sualainne. Tá taithí

éagsúil ag Johan leis an tsochaí shibhialta. Bhí sé ar bhord Chomhairle Óige na Sualainne, Chrois Dhearg na Sualainne agus ECPAT. Bhí sé ina fhiontraí agus bhunaigh sé roinnt cuideachtaí. Ar an leibhéal Eorpach, chaith Johan tamall mar chathaoirleach ar an gComhairle Chomhairleach do Stiúrthóireacht Óige Chomhairle na hEorpa agus bhí sé ina chomhalta de Choiste Eorpach na nGasóg.

---



## “Níl an todhchaí greanta i gcloch agus tá éabhlóid phaindéim COVID-19 ag brath orainn féin”

**Agallamh leis an Dr Hans Kluge, Stiúrthóir Réigiúnach don Eoraip san Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.**

**Dar leat, conas atá ag éirí leis an bhfeachtas vacsaínithe san Eoraip?**

Ón 4 Feabhra 2021 i leith, tá líon níos mó daoine ar fud an domhain a bhfuil vacsaín i gcoinne COVID-19 faighte acu i gcomparáid le líon na ndaoine a tholg an víreas ó thit amach an eipidéim. Tá breis is 477 milliún dáileog de vacsaíní COVID-19 faighte ag daoine san Eoraip go nuige seo (amhail ón 17 Meitheamh).

Is léir, mar sin, go bhfuil dul chun cinn suntasach á dhéanamh: tá meath tagtha ar rátaí ospidéalaithe agus báis i dtíortha ina bhfuil ráta ard vacsaínithe i measc daoine fásta. Léirítear leis sin, ní hamháin go bhfuil an vacsaíniú éifeachtach ach freisin gur maith an beart í an straitéis vacsaín a thabhairt dóibh siúd is mó atá i mbaol ar dtús, straitéis a leagadh síos ag coistí comhairleacha domhanda agus réigiúnacha agus a cuireadh i bhfeidhm thar réigiún Eorpach EDS. A bhuí leis sin, sábháiltear beatha daoine, laghdaítear an t-ualach ar chórais sláinte agus is féidir linn teacht as an tréimhse is measa den phaindéim a luaithe is féidir.

Bíodh is go bhfuil ról tábhachtach ag an vacsaíniú maidir le rátaí ospidéalaithe agus báis a laghdú, caithfear a bheith cáiréiseach, ós rud é go bhféadfadh duine an víreas a tholgadh agus a thabhairt do dhuine éigin eile fiú má tá an vacsaín faighte aige. Ní mór dúinn leanúint de bheith ag cloí leis na bearta poiblí sláinte agus sóisialta, ar léir go bhfuil éifeacht leo, agus, san am céanna, dlús a chur leis an vacsaíniú.

Teachtaireacht thábhachtach amháin ba mhian liom a chur in iúl ná nach bhfuil an todhchaí greanta i gcloch agus go bhfuil éabhlóid phaindéim COVID-19 ag brath orainn féin ó tharla gurb iad gníomhaíochtaí an duine aonair agus na sochaí ina hiomláine a chinneann an todhchaí sin.

**Cad é an staid mar atá faoi láthair ar fud an domhain?**

Is é atá ar cheann de na príomhtheachtaireachtaí ná go bhfuil tuilleadh cothromais ag teastáil. A bhuí le vacsaíní, tá géarbhreoiteacht agus líon na mbásanna á laghdú i dtíortha a bhfuil an t-ádh orthu méideanna leordhóthanacha vacsaíní a bheith acu chun na daoine is leochailí a chosaint, agus tugtar le fios leis na torthaí atá faighte againn go dtí seo go bhféadfadh vacsaíní tarchur an víris a ísliú freisin. Tá an éagothromaíocht dhomhanda uafásach atá ann maidir le rochtain ar vacsaíní ar cheann de na bagairtí is mó ar dheireadh a chur leis an bpaindéim.

I láthair na huaire, 77 % de na vacsaíní a dáileadh ar fud an domhain, níor dáileadh iad ach i ndeich dtír. Is gá tuilleadh a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go ndáiltear vacsaíní ar bhonn chomhionann idir tíortha agus daonraí.

Teachtaireacht ábhartha eile i ndáil leis seo is ea go bhfuil an dlúthpháirtíocht ríthábhachtach. Is mithid dúinn leas a bhaint as an dlúthpháirtíocht agus an tacaíocht ar fad atá ar fáil lena áirithiú nach bhfágfar aon duine ar leataobh. Ba cheart é a bheith d'aidhm againn ardráta cumhdaithe vacsaínithe a bhaint amach i ngach aon tír, ag tosú leis na tíortha is mó atá i mbaol, sa chaoi is gur féidir linn céim mhór chun cinn a ghlacadh chun filleadh ar an saol mar a bhí.

Ag an 74ú Comhthionól Domhanda Sláinte, d'iarr Ard-Stiúrthóir EDS ar thíortha tacú le hiarracht ollmhór chun 10 %, ar a laghad, de dhaonra gach tíre a vacsaíniú faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair, maille le feachtas a bheidh á reáchtáil go dtí mí na Nollag chun an sprioc 30 % den dhaonra a vacsaíniú a bhaint amach faoi dheireadh na bliana. Mar phobal sláinte poiblí domhanda, ní mór dúinn go léir dlús a chur lenár n-iarrachtaí.

**Cad iad na ceachtanna atá foghlamtha againn agus conas is féidir a bheith níos ullmhaithe don todhchaí?**

Le linn an 74ú Comhthionól Domhanda Sláinte, a bhí ar siúl ón 24 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh, díríodh ar dheireadh a chur le paindéim COVID-19 agus ar ullmhú don chéad phaindéim eile. Níos tábhachtaí fós, comhiarracht ollmhór a bhí ann chun múineadh a bhaint as an bpaindéim reatha.

Choimisiúnaigh EDS roinnt athbhreithnithe agus painéil neamhspleácha chun treoir a thabhairt don phobal domhanda sláinte maidir leis an gcaoi le hiarracht níos fearr a dhéanamh inár bhfreagairt chomhchoiteann do ráigeanna paindéime nó d'éigeandálaí sláinte poiblí eile ar ábhar imní idirnáisiúnta iad.

Tugtar moltaí láidre soiléire sna hathbhreithnithe ar fad maidir leis an ról níos láidre a d'fhéadfadh a bheith ag EDS agus aghaidh á tabhairt ar éigeandálaí sláinte. Seachas díreach moltaí a dhéanamh, is gá iad a aistriú ina ngníomh. Tasc ollmhór a bheidh i gceist leis sin, a mbeidh tiomantas leathan polaitiúil agus airgeadais ag teastáil ina leith, maille le sprioc shoiléir choiteann líon níos mó daoine a shábháil ar an mbás, cailliúint slite beatha a chosc agus cothromas a chinntiú agus freagairt á tabhairt do phaindéimí.

Moladh go dtarraingeofaí suas conradh nua ar phaindéimí ar mhaithe leis na nósanna a bhaineann le hullmhacht agus freagairt i leith paindéimí a neartú. Pléifear an méid sin ag seisiún urghnách den Chomhthionól Domhanda Sláinte a thionólfar i mí na Samhna.

Bhunaigh mé "Coimisiún Monti" san Eoraip, arb é sin Coimisiún uile-Eorpach um Shláinte agus an Fhorbairt Inbhuanaithe a bhfuil sé d'aidhm aige athmhacnamh a dhéanamh ar thosaíochtaí beartais i bhfianaise paindéimí. Tá an Coimisiún sin comhdhéanta d'iar-chinn stáit, eolaithe agus eacnamaithe, cinn institiúidí sláinte agus cúraim shóisialta, ceannairí sa phobal gnó agus ceannairí institiúidí airgeadais ó gach cearn den Eoraip agus is é an gnó atá aige ceachtanna a fhoghlaim ó na bealaí ina ndeachaigh córais sláinte i dtíortha éagsúla i ngleic le paindéim COVID-19 agus déanfaidh sé moltaí maidir le hinfheistíochtaí agus athchóirithe chun cur le hathléimneacht córas sláinte agus cúraim shóisialta.

**Conas atá an tAontas ag tacú le hiarrachtaí domhanda agus réigiúnacha sa chomhrac i gcoinne COVID-19?**

Tá an tAontas ar cheann de na comhpháirtithe is tábhachtaí ar domhan dá bhfuil ag na Náisiúin Aontaithe (NA).

Is príomhspreagadh d'athchóirithe é próiseas aontachais an Aontais agus spreagann sé rialtais dul chun cinn a dhéanamh i raon réimsí reachtacha agus beartais. Beidh pacáistí infheistíochta an Aontais ina bpríomhspreagadh chun infheistíochtaí méadaithe poiblí agus príobháideacha ó institiúidí airgeadais Eorpacha agus idirnáisiúnta a éascú sna Balcáin Thiar agus i gComhpháirtíocht an Oirthir, lena n-áirítear san earnáil sláinte. Is mór againn freisin infheistíochtaí an Aontais sa tsláinte trí mhaoiniú a chur ar fáil d'Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip agus trí dhul i mbun gníomhaíochtaí comhpháirteacha léi i mBallstáit neamh-AE.

Le linn na tréimhse (iar-)paindéimí reatha, is éard atá ar bun ag Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip comhghuaillíochtaí a fhorbairt agus straitéisí comhpháirteacha NA-AE a mhúnlú arb é is aidhm dóibh dul chun cinn a dhéanamh maidir le próiseas aontachais an Aontais i bhforéigiún na mBalcán Thiar agus an spás daonlathach agus eacnamaíoch i dtíortha comharsanachta an Aontais a neartú.

Féachann Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip le leas a bhaint as an ról lárnach atá aici mar cheannaire i réimse na sláinte chun dlús a chur le comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus le comhoibriú i bhforéigiúin Eorpacha agus an méid sin ina bhunchloch den dul chun cinn i réimse na sláinte agus Clár Oibre Eorpach 2020-2025 á chur chun feidhme agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 á ngnóthú.

---



## "Ní mór dúinn go léir a oiread agus is féidir a dhéanamh chun sláinte an phláinéid a fheabhsú"

**Le Johan Strid, Stiúrthóir Chruinniú Mullaigh an Rása Aigéin**

**"Cén fáth a mbeadh an Rás Aigéin, comórtas seoltóireachta, ag iarraidh beartais nua agus fheabhsaithe a chur chun cinn chun dul i ngleic le cuid de na dúshláin is práinní maidir lenár bpláinéad gorm?" Cuirtear an ceist sin orm go minic agus is é mo fhreagra nach mór dúinn go léir a oiread agus is féidir a dhéanamh chun sláinte an phláinéid a fheabhsú agus, go háirithe mar mhairnéalaigh, is ar an aigéan is féidir linn ár dtionchar a chur chun tairbhe.**

Tá aigéan amháin againn, ach tá an bealach a chosnaítear agus a rialaítear é ilroinnte. Nuair a chuireann tú an méid sin le tionchar an athraithe aeráide, d'fhéadfadh drochthoradh a bheith ann dár muirthimpeallacht. Tá níos mó den fharraige, agus a meath, feicthe ag na mairnéalaigh sa Rás Aigéin, ná mar atá ag tromlach na ndaoine ar an bpláinéad. Ní mór córas níos fearr a chruthú go práinneach agus comhoibriú a bheith i gcroílár an chórais sin.

Fuaireamar inspioráid ó obair cheannródaíoch CESE ***I dtreo Cairt an Aontais um Chearta Bunúsacha an Dúlra*** agus féachfaimid an bhféadfaí cearta dlíthiúla aigéin a thabhairt don aigéan féin mar bhealach chun é a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

Tá an Rás Aigéin ar cheann de na dúshláin is deacra d'aon fhoireann in aon spórt. Is féidir linn leas a bhaint as a dhiongbháilte atáthar chun seoladh timpeall an domhain sa rás sin chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le beartais dhomhanda fheabhsaithe um na haigéin. Ní rialtas, eagraíocht neamhrialtasach, institiúid

acadúil ná gnó muid. Is daoine atá gafa le comórtas spóirt muid. Tugann sé sin ardán neamhspleách forleathan dúinn inar féidir daoine ó gach earnáil den tsochaí a thabhairt le chéile san idirphlé maidir le réitigh don aigéan. Sin é an fáth a n-eagraímid Cruinnithe Mullaigh an Rás Aigéin.

Go dtí seo, d'eagraíomar 11 chruinniú mullaigh, agus bhí an ceann is déanaí díobh ar an 16 Meitheamh a chuaigh thart agus dírithe ar an Eoraip, a raibh **Ursula von der Leyen**, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, **Cillian Lohan**, Leas-Uachtarán CESE agus **Virginijus Sinkevičius,** an Coimisinéir Eorpach um an gComhshaol, um na hAigéin agus um Iascach rannpháirteach ann**.**


Roimh Mhí Mheán Fómhair 2023, beidh ocht gcruinniú mullaigh eile á reáchtáil againn ag príomhshuíomhanna ar fud na n-ilchríoch uile. Tabharfaidh na cruinnithe seo gníomhaithe domhanda le chéile ó rialtais, ón eolaíocht, ón tionsclaíocht, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, ó na meáin agus ón spórt, chomh maith le daoine atá go mór ar son na n-aigéan, chun réitigh agus gealltanais a spreagadh chun dul i ngleic leis na dúshláin maidir lenár bhfarraigí. Táimid ag úsáid modhanna oibre nuálacha ag baint leasa as treallús, inniúlacht agus cruthaitheacht gach rannpháirtí inár Saotharlanna Gníomhaíochta. Fágfaidh an tsraith imeachtaí ardleibhéil seo go mbeidh catalóg tograí le haghaidh beartais dhomhanda fheabhsaithe um na haigéin ann, bunaithe ar chearta na n-aigéan.

Chomh maith leis na cruinnithe mullaigh, tá an Rás Aigéin ag cur chun cinn clár inbhuanaitheachta a bhfuil gradam buaite aige, clár atá ann toisc go bhfuil freagracht orainn inbhuanaitheacht a dhaingniú i gcroílár ár n-oibríochtaí agus oidhreacht dhearfach a fhágáil do na glúine atá le teacht. Inár gclár foghlama do leanaí agus do dhaoine óga múintear conas cabhrú leis an aigéan. Cuireann an trealamh eolaíochta ar bháid rannpháirteacha sonraí luachmhara ar fáil. Ag na stadanna briste turais atá againn, táimid ag cur cosc ar phlaistigh aon úsáide, ag foinsiú bia inbhuanaithe agus ag cruthú straitéis fhreagrach astaíochtaí gás ceaptha teasa arb é is aidhm di 100 % d’fhuinneamh in-athnuaite a chruthú.

Is mian linn a thaispeáint don domhan ní hamháin go bhfuil sé indéanta imeacht domhanda spóirt a bheith ann atá inbhuanaithe, ach go bhfuil sé dodhéanta gan é a bheith inbhuanaithe.

Is comhpháirtí an-luachmhar é CESE dúinn. Is ionadaí thú don tsochaí shibhialta eagraithe san Eoraip agus bíonn guth agat ag an mbord caibidlíochta nuair a bhíonn an tAontas Eorpach ag déanamh cinntí. Is féidir cuid mhór den mhéid ba mhaith linn a bhaint amach le Cruinnithe Mullaigh an Rása Aigéin a dhéanamh ar ardán CESE, pointe cruinnithe do na fórsaí go léir, a thagann ó gach gné den tsochaí dhomhanda, ar mian leo cur le haigéan níos sláintiúla. Tá súil agam gur féidir linn tógáil le chéile ar an méid atá déanta againn le chéile san Eoraip ag Cruinniú Mullaigh an Rása Aigéin, agus oibriú i gcomhar lena chéile chun a chinntiú go ndéanfaidh rialtais, cuideachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus institiúidí gealltanais maidir leis an aigéan. Is buntáiste an-tábhachtach iad an líonra domhanda gnólachtaí, ceardchumann, eagraíochtaí CESE agus a chomhaltaí ó thaobh oibriú i dtreo aigéan folláin. Bunlíne den scoth is ea do chuid oibre ar an gCairt um Chearta Bunúsacha an Dúlra chun a bheith ag oibriú le chéile.

Táimid buíoch as an gcomhar le CESE agus táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair le chéile chun aitheantas dlíthiúil domhanda a bhaint amach do chearta an dúlra agus na n-aigéan.



## [Herman van Rompuy: The old poet speaks gently]

**We are delighted to host a new selection of haikus by Herman Van Rompuy, former President of the European Council, as part of our series "The old poet speaks gently.**

*These haikus were originally written in French*

Herman van Rompuy: The old poet speaks gently

***

Like every year the flowers
Are on their way to their appointment
More faithful than people


***

A vast forest
With spaces of shadow and light
Like life

***

Everywhere in the world
Poets sing of life and nature
This sharing makes peace

---



## Herman van Rompuy: Le vieux poète parle doucement

**Nous avons le plaisir de poursuivre la publication de la série de haïkus, sous le titre commun "Le vieux poète parle doucement", qui nous a été offerte par leur auteur Herman van Rompuy, ancien président du Conseil européen.**

***

Comme chaque année les fleurs
Sont sur leur rendez-vous
Plus fidèles que les hommes

***

Une vaste foret
Aux espace d'ombre de lumière
Comme la vie

***

Partout dans le monde

Les poètes chantent la vie et la nature
Ce partage fait la paix

# EESC NEWS

## Tá Uachtaránacht na Slóivéine ar an Aontas Eorpach buailte linn ag am cinniúnach don Eoraip

**An 1 Iúil 2021 chuaigh an tSlóivéin i gceann na hUachtaránachta ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, tráth atá an Eoraip ag iarraidh téarnamh ó phaindéim COVID-19, í féin a atógáil ar dhóigh níos fearr agus a léiriú go bhfuil sí níos treise ná riamh.**

Is faoin mana seo a leanas a bheidh uachtaránacht na Slóivéine ar siúl, arb é seo an dara huair aici i mbun na huachtaránachta ó tháinig sí isteach san Aontas Eorpach in 2004: “Le chéile. Athléimneach. An Eoraip.” ar trí fhocal iad seo a léiríonn go hálainn na príomhthosaíochtaí atá aici. I bhfocail Uachtaránacht na Slóivéine féin: “Ní foláir dúinn oibriú as lámha a chéile, tacú le chéile agus gníomhú i ndlúthpháirtíocht le chéile ar mhaithe le gach uile shaoránach san Eoraip chun athléimneacht an Aontais a neartú.”

Tá clár Uachtaránacht na Slóivéine dírithe ar cheithre thosaíocht:

- feabhas a chur ar **athléimneacht** an Aontais i leith cineálacha éagsúla géarchéime, cuir i gcás paindéim COVID-19, agus leanúint den obair atá déanta ag Uachtaránachtaí na Gearmáine agus na Portaingéile roimhe seo maidir le cibear-athléimneacht an Aontais a neartú;
- an **téarnamh** eacnamaíoch agus sóisialta tar éis na paindéime a bhainistiú agus an t-aistriú i dtreo cineálacha geilleagar atá níos casta ó thaobh na teicneolaíochta agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a éascú ag an am céanna;
- an **Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa** a chur chun cinn, a bheidh mar ábhar lárnach ag **Fóram Straitéiseach Bled** go luath i mí Mheán Fómhair, mar a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh réimse mór rannpháirtithe ó institiúidí éagsúla de chuid an Aontais i láthair.
- slí bheatha na hEorpa a dhaingniú agus a neartú, ar cuid di sin an **urraim don smacht reachta**.

Agus na tosaíochtaí sin á saothrú aici, déanfaidh an tSlóivéin a seacht ndícheall Aontas Eorpach inchreidte agus slán a chruthú a bheidh in ann an tslándáil agus an chobhsaíocht a áirithiú ina comharsanacht. Tabharfar aird ar leith ar na **Balcáin Thiar** agus déanfar próiseas an Aontais um méadú a shaothrú ar bhealach inchreidte. I mí Dheireadh Fómhair 2021, tá sé beartaithe ag an tSlóivéin an **Cruinniú Mullaigh**

**neamhfhoirmiúil idir an tAontas agus na Balcáin Thiar a óstáil.** Cuirfidh **Fóram na Sochaí Sibhialta um na Balcáin Thiar**, a eagróidh CESE ag deireadh mhí Mheán Fómhair, leis an gCruinniú Mullaigh trí mholtaí sonracha ón tsochaí shibhialta eagraithe a sholáthar.

Áiritheoidh CESE go gcloisfear guth na sochaí sibhialta eagraithe trí bhíthin **cúig thústuairim**, a d'iarr Uachtaránacht na Slóivéine agus atá dírithe ar ábhair an-éagsúil, ina measc an fhoghlaim aosach agus slabhraí soláthair bia cothroma. Is iad seo a leanas teidil na dtústuairimí sin:

1. Foghlaim aosach;
2. Príomhghnéithe d'obair inbhuanaithe ardcháilíochta le linn an téarnaimh agus ina dhiaidh;
3. Leas a bhaint as na deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann leis an digiteáil agus feabhas a chur ar chlaochlú digiteach an gheilleagair, go háirithe na fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena ndírítear ar an intleacht shaorga agus ar shonraí atá dírithe ar an duine;
4. Digitiú cuimsitheach, slán, iontaofa do chách a uasghrádú;
5. I dtreo Slabhra Soláthair Bia Cothrom.

Tá CESE ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar le rialtas na Slóivéine ar thionscnaimh chomhpháirteacha agus imeachtaí comhpháirteacha, agus le tacaíocht a thabhairt d'Uachtaránacht na Slóivéine tríd an líonra méadaithe de shochaí shibhialta eagraithe na hEorpa atá curtha ar bun aige. Tá lúcháir ar an gCoiste a fheiceáil gur tugadh cuireadh dó cheana chuig na **Cruinnithe Comhchéime maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa** atá le cur ar siúl sa tSlóivéin, agus chuig Fóram Straitéiseach Bled.

Tá tuilleadh eolais faoi Uachtaránacht na Slóivéine le fáil anseo:

https://slovenian-presidency.consilium.europa.eu/en/ (st)

---



## Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa: beidh teacht ag daoine as gach cearn den Eoraip ar chomhairliúcháin CESE

**Is le seisiún beo ceisteanna agus freagraí a chuir Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Christa Schweng, tús le gníomhaíochtaí oifigiúla an Choiste a bhaineann leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa (CoFoE). Le linn "#CoFoE - Páirt a thabhairt do na saoránaigh sa tionscadal Eorpach, leagadh amach barúlacha agus ionchais na sochaí sibhialta eagraithe i dtaca leis an gcomhdháil. Cuireadh béim freisin ar a thábhachtaí atá sé dul i mbun plé le daoine lasmuigh de bholgán na Bruiséile agus tobsmaointeoireacht a dhéanamh chun ullmhú do na comhairliúcháin leis na saoránaigh atá ar na bacáin.**

Dúirt Uachtarán CESE, **Christa Schweng**, go reáchtálfaidh an Coiste tionscnaimh for-rochtana sna Ballstáit go léir d'fhonn ionadaíocht chothrom a ráthú: "Beidh ról le himirt ag

fostóirí, oibrithe agus an tsochaí shibhialta eagraithe ina hiomláine agus cuirfear a mbarúlacha in iúl le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa”. Thagair sí freisin don rún ó CESE a glacadh le déanaí ina mbeartaítear insint nua don Eoraip.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Leas-Uachtarán an Choimisiúin, **Dubravka Šuica**: “Tá athrú ó bhonn tagtha ar an bpolaitíocht san Aontas Eorpach. Den chéad uair riamh, tá na saoránaigh á gcur i gcroílár phróiseas ceaptha beartais an Aontais a bhuí leis an gComhdháil. Trí bhíthin na Comhdhála, is féidir leis na saoránaigh agus an tsochaí shibhialta, i dteannta a chéile, smacht a bheith acu ar an Aontas a bheidh ann dóibh amach anseo.”

“Is é an gnó atá againne a chinntiú go mbeidh an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa chun leas na saoránach,” arsa **Eva Maydell**, Feisire de Pharlaimint na hEorpa.

Bhí obair CESE ar an insint nua don Eoraip faoi stiúir na dtrí uachtarán ar na trí ghrúpa as a bhfuil CESE comhdhéanta: **Stefano Mallia** (Grúpa na bhFostóirí)**, Oliver Röpke** (Grúpa na nOibrithe) agus **Séamus Boland** (an Grúpa “Éagsúlacht Eoraip”).

Chuir **Cillian Lohan**, an Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE, clabhsúr ar an bplé agus dúirt sé go mbeadh teacht ag daoine as gach cearn den Eoraip ar chomhairliúcháin CESE maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus go mbeadh siad a fhairsinge agus is féidir.

Tá sé beartaithe go mbeidh na conclúidí ón gComhdháil réidh faoi earrach na bliana 2022 agus is ansin a dhéanfaidh institiúidí an Aontais machnamh ar an méid atá á rá ag na saoránaigh.

Is féidir breathnú ar #CoFoE – Páirt a thabhairt do na saoránaigh sa tionscadal Eorpach, imeacht lena gcuirfear tús leis an gComhdháil, ar chuntas Twitter CESE, @EU_EESC nó ar Facebook. (ks)

---




## An Comhaontú Glas don Eoraip: “Beidh sé cóir, nó ní bheidh sé ann in aon chor”

**Sa seisiún iomlánach a bhí ag CESE i mí an Mheithimh, d’fhógair an tUasal Frans Timmermans bearta chun na daoine is leochailí a chosaint sa chás go leathnófar praghsáil carbóin go praghsanna breoslaí téimh agus iompair. Thug sé éisteacht chomh maith do thograí CESE chun feabhas a chur ar an gcinnteoireacht chorparáideach maidir leis an aistriú glas trí idirphlé sóisialta a bhunú.**

Agus í ag cur fáilte roimh **Frans Timmermans**, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, bhí an méid seo a leanas le rá ag **Christa Schweng**, Uachtarán CESE: “Straitéis fáis uaillmhianach atá sa Chomhaontú Glas, agus é mar aidhm aige aeráidneodracht san Aontas Eorpach a bhaint amach faoi 2050 agus ugach eacnamaíoch a thabhairt. Ní mór, áfach, na gnéithe sóisialta,

saothair, sláinte agus cothromais den chomhaontú a neartú ar mhaithe lena chinntiú nach bhfágfar aon duine, pobal, earnáil ná réigiún ar gcúl.”

Chuir an tUasal **Timmermans** in iúl gurb í an ghné shóisialta san aistriú glas an chloch is mó ar phaidrín an Choimisiúin i bhfianaise a dhona atá na héagothromaíochtaí sóisialta tar éis dóibh imeacht chun donais mar gheall ar an bpaindéim. Thug sé cuntas ar na príomhghnéithe den phacáiste “Fit for 55” atá le seoladh an 14 Iúil (astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 55 %).

Leis an bpacáiste, déanfar deimhin de go bhfuil “an chothroime shóisialta fite fuaite leis na tograí nua”, arsa an tUasal Timmerans, trí:

- an t-ualach oibre maidir le gníomhú ar son na haeráide a roinnt go cothrom idir na tionscail, na rialtais agus daoine aonair, agus;
- sásra sóisialta a thabhairt isteach chun an tionchar atá ag bearta, ar nós trádáil astaíochtaí a smaoinítear ar a leathnú go breoslaí téimh agus iompair, ar na daoine is leochailí a mhaolú.

“Ní mór dúinn teaghlaigh leochaileacha a chosaint i gcoinne méaduithe a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar phraghsanna breoslaí téimh agus iompair, go háirithe i réigiúin nach bhfuil teacht éasca ar roghanna glana iontu,” arsa an tUasal **Timmermans**. “Mar sin, dá mbeimis chun trádáil astaíochtaí a thabhairt isteach maidir leis na breoslaí sin, d’fhágfadh sé sin go mbeadh orainn a bheith níos dáiríre fós faoinár dtiomantas don chothroime shóisialta. Ag an am céanna, bheadh gá le togra maidir leis an tionchar sóisalta a chuirfí isteach taobh le haon togra a bhaineann le trádáil astaíochtaí sna hearnálacha nua sin.”

Mar chuid den díospóireacht, mhínigh CESE don Uasal **Timmermans** conas mar a d’fhéadfaí comhaontú sóisialta a chur i dtoll a chéile mar ghné lárnach den Chomhaontú Glas. Tá na tograí, arna leagan amach ag an rapóirtéir **Norbert Kluge** i dtuairim dar teideal ***Ní bheidh aon Chomhaontú Glas gan comhaontú sóisialta***, dírithe ar rannpháirtíocht níos láidre na n-oibrithe sa chinnteoireacht chorparáideach agus ar an bhfreagracht shóisialta chorparáideach.

“Creidimid gur féidir linn, trí ghlór na n-oibrithe a thabhairt isteach, feabhas a chur ar cháilíocht na gcinntí eacnamaíocha a dhéanann cuideachtaí agus iad i mbun aistriú chuig samhail ghlas”, arsa an tUasal **Kluge**.

“Go hiondúil, is gnáth go dtugtar tús áite san fhaisnéis, comhairliúchán agus rannpháirtíocht ar leibhéal na bhfostaithe do chur chuige níos fadtréimhsí agus d’fheabhas a chur ar cháilíocht na cinnteoireachta i gclár oibre athchóirithe eacnamaíoch.” arsa an tUasal Kluge.

É sin ráite, cuireann CESE i bhfáth gur cinnte nach mbaineann comhaontú sóisialta, mar chuid riachtanach de chomhaontú glas nua, le hobair amháin. Baineann sé le hioncam, slándáil shóisialta agus tacaíocht fhioscach do gach duine a bhfuil gá acu léi, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil aon rochtain acu ar obair ar chor ar bith. (dm)



## Ní mór tús áite a thabhairt don téarnamh agus don atógáil tar éis na paindéime chun todhchaí na hEorpa a áirithiú

**I measc phríomhthosaíochtaí an Aontais sna blianta beaga amach romhainn, ní mór geilleagar an Aontais a chur ar bhóthar a leasa athuair chun aistriú inbhuanaithe a bhaint amach agus rathúnas a chur ar fáil do mhuintir agus do ghnólachtaí na hEorpa. Is é sin príomhéirim an *Rúin maidir le hionchur CESE i gclár oibre an Choimisiúin Eorpaigh do 2020*, a glacadh ag seisiún iomlánach CESE i mí an Mheithimh.**

Chuir CESE in iúl sa rún a thábhachtaí a bheidh an téarnamh agus an atógáil i ndiaidh na paindéime. Ní mór infheistíocht agus athchóirithe araon a chur i bhfeidhm chun an ghéarchéim eacnamaíoch agus shóisialta a shárú agus chun athléimneacht na hEorpa a threisiú in aghaidh suaití amach anseo, rud ba cheart a bheith bunaithe ar an bhfás cuimsitheach inbhuanaithe, ar obair chuibhiúil agus ar cheartas sóisialta.

Ba cheart an méid seo a leanas a bheith i gceist leis na príomhcholúin:

- leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an Mhargaidh Aonair;
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach;
- geilleagar ciorclach a chruthú agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050;
- an dea-rialachas agus an chuntasacht dhaonlathach a áirithiú.

Agus í ag trácht ar ghlacadh an Rúin, bhí an méid seo a leanas le rá ag Uachtarán CESE, **Christa Schweng**: "*Tá súil agam go gcuirfidh moltaí CESE, a rinneadh i bhfad roimh ré, ionchur luachmhar ar fáil maidir le clár oibre an Choimisiúin atá le teacht. Tá CESE lántiomanta i gcónaí tacaíocht a thabhairt do na sé phríomhuaillmhian de chuid an Choimisiúin agus do chomhlíonadh a róil trí idirphlé laistigh den tsochaí shibhialta agus leis na hinstitiúidí Eorpacha a éascú d'fhonn na huaillmhianta sin a chur i bhfeidhm*".

Dúirt **Christa Schweng** freisin go ndéanfaí próiseas fíordhaonlathach den phróiseas téarnaimh agus athmhúnlúcháin i leith thodhchaí na hEorpa má tá gach saoránach rannpháirteach ann trí mheán eagraíochtaí na sochaí sibhialta: "*Táim ag brath ar an gCoimisiún moltaí shochaí shibhialta eagraithe na hEorpa a chur san áireamh agus tosaíochtaí na bliana seo chugainn á leagan síos aige.*"



# Is deis iontach í straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hailse chun sláinte mhuintir na hEorpa a chosaint

**Agus an ailse ar tí iompú ina príomhchúis bháis san Aontas, níl amhras ar bith ach gur tráthúil é Plean na hEorpa um Shárú na hAilse Is díol mór sásaimh do CESE an plean seo óir is cloch mhíle é sa chomhrac in aghaidh na hailse. Mar sin féin, i bhfianaise na n-éagothromaíochtaí réigiúnacha agus sóisialta nár réitíodh go fóill, is léir go bhféadfaí cúrsaí a fheabhsú tuilleadh fós.**

Tacaíonn CESE go láidir le plean nua de chuid an Choimisiúin ar fiú EUR 4 bhilliún é chun gníomhaíocht i gcoinne na hailse a mhaoiniú, arb é sin an chéad doiciméad straitéise a cuireadh le chéile ó bhí 1990 ann ina ndírítear ar an gcomhrac i gcoinne an sciúirse seo.

“Tá Plean Marshall nua i leith na hoinceolaíochta de dhíth ar an Aontas agus is céim sa treo ceart é sin. Ní féidir linn an deis seo a chur amú”, a dúirt **Małgorzata Anna Bogusz**, rapóirtéir na tuairime ó CESE maidir le ***Plean na hEorpa um Shárú na hAilse***.

“Tá an straitéis oiriúnach don fheidhm atá léi ós rud é go gcumhdaítear roinnt mhaith de na príomhghnéithe den chomhrac in aghaidh na hailse inti”, arsa **Milena Angelova**, comhrapóirtéir na tuairime.

Déantar an bhásmhaireacht agus an ghalracht ailse a chomhghaolú leis an gcineál ailse, le suíomh an othair agus lena ghrádán sóisialta. Ní mór aird a dhíriú ar na neamhréireachtaí ó thaobh bonneagar réigiúnach de agus ar na héagothromaíochtaí sóisialta ó thaobh fostaíochta agus inscne de.

Molann CESE do na Ballstáit a bheith réamhghníomhach agus é á chur i bhfáth aige an gá atá le foirmeacha den ailse cheirde a chosc go héifeachtach. Chuige sin, iarrann sé go ndéanfaí tuilleadh taighde ar nochtadh do charcanaiginí, só-ghineacha agus suaiteoirí inchríneacha agus ar na cúiseanna atá leis an ailse cheirde, go háirithe i gcás na mban.

Agus an meall mór ar deireadh, leagtar béim sa tuairim ar an bpríomhról atá ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta a mhéid a bhaineann le múscailt feasachta agus feachtais chun stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn. (at)

## Ní mór ról gníomhach a thabhairt don tsochaí shibhialta i gcosaint luachanna an Aontais Eorpaigh




**Tá sé geallta go tréan ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) oibriú go leanúnach i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le hinstitiúidí AE eile chun bunluachanna an Aontais a chosaint agus a chur chun feidhme, go háirithe an smacht reachta, na cearta bunúsacha agus an daonlathas.**

Sa díospóireacht maidir le luachanna Eorpacha le **Didier Reynders**, an Coimisinéir Eorpach um Cheartas, a tionóladh ag an seisiún iomlánach a reáchtáil CESE an 10 Meitheamh, d'iarr an Coiste go mbeadh eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach ar bhealach níos mó ar leibhéal an Aontais ar mhaithe le rannpháirtíocht a leathnú go réimsí eile de bhreis ar thoghcháin agus idirphlé sibhialta fiúntach a éascú. Chomh maith leis sin, leag comhaltaí CESE béim ar leith ar an tábhacht atá le cearta sóisialta agus eacnamaíocha a aithint mar bhunluachanna AE.

Le linn an tseisiúin iomlánaigh, rinne CESE tuairimí uaidh maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach (EDAP) agus an Straitéis nua maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha a chur chun feidhme a chur i láthair agus a ghlacadh, tuairimí ina léiríonn sé a thacaíocht do thionscnaimh nua an Choimisiúin arb é is aidhm dóibh luachanna daonlathacha agus cearta na saoránach san Aontas a chosaint.

Seo mar a labhair **Christa Schweng, Uachtarán CESE**: "Tá amhras á chaitheamh ar luachanna an Aontais i ngach áit; ní féidir slán talamh a dhéanamh díobh, fiú i dtíortha ina bhfuil traidisiúin dhaonlathacha sheanbhunaithe. I dtaca le freagairt an Aontais, tá an tsochaí shibhialta ag súil le cuid mhaith agus teastaíonn uaithi a bheith rannpháirteach sa phlé náisiúnta agus sa phlé Eorpach maidir le cosaint na luachanna sin."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag an **Uasal Reynders**: "Chun dul i ngleic le cuid mhaith de na fadhbanna, tá gá le cur chuige cuimsitheach ón tsochaí agus le comhar idirnáisiúnta ina bhfeicfear iarracht chomhordaithe ar thaobh na rialtas, na sochaí sibhialta, taighdeoirí agus seiceálaithe fíricí, na hearnála príobháidí, na meán agus na saoránach. Is díol sásaimh dom go bhfuil bhur gCoiste ag comhoibriú go tairbheach i ndáil leis sin."

Sa tuairim maidir leis an straitéis i leith na Cairte, d'iarr CESE go mbeadh bearta ann chun eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chosaint agus chun tacú leo. Ba cheart sásra foláirimh a bheith san áireamh sna bearta sin chun ciapadh a aithint agus a thuairisciú. Chomh maith leis sin, d'iarr an Coiste go dtabharfaí ról níos mó do na comhpháirtithe sóisialta maidir leis na cearta atá leagtha síos sa Chairt a chur chun cinn agus a chur chun feidhme.

Sa tuairim maidir le EDAP, mhol CESE don Choimisiún colún speisialta a chur leis an bplean a bheadh tiomnaithe do rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta, agus do chur chun cinn dhaonlathas an tsaothair. Dúirt an Coiste go raibh díomá air nár tugadh aghaidh in EDAP ar an ról tábhachtach atá ag an idirphlé sóisialta agus ag an gcómhargáil chun éagothromaíochtaí a laghdú agus

muintir na hEorpa a spreagadh chun glacadh le hidéil dhaonlathacha. (ll)

---




## Dá mhéad tionchair a bheidh ag an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, is fearr a bheidh sé in ann nasc nua a chruthú idir an tAontas agus na saoránaigh

**Bhí an 10ú heagrán de Lá an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (TES) ar siúl go heisceachtúil ar líne i mbliana agus ar feadh dhá lá seachas lá amháin. Rinne Uachtarán CESE, Christa Schweng, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Věra Jourová, agus Leas-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Pedro Silva Pereira, measúnú ar chás na hionstraime uathúla seo a bhaineann leis an daonlathas rannpháirtíochta.**

Ina ráiteas tosaigh, chuir **Christa Schweng** i dtábhacht go bhfuil an tionchar a bhíonn ag próiseas rannpháirtíochta ar cheann de na príomhghnéithe a bhaineann le próiseas den chineál sin: “Feictear díomá, neamhshuim agus frustrachas i measc saoránach mura mbíonn dea-thionchar ag an bpróiseas.” Bhí an méid seo le rá aici freisin: “Is tríd an tionchar atá ag TES a mhéadú is fearr is féidir uirlis láidir a dhéanamh de lena bhféadfar nasc nua a chruthú idir an tAontas agus na saoránaigh.”

Go dtí seo, ní raibh ach sé thionscnamh ann ó 2012 i leith a raibh an líon is gá sínithe acu agus ba bheag agus ba mhall an tionchar a bhí acu. Mar sin féin, tá cúiseanna dóchais ann sa mhéid gur tháinig an chéad dá phíosa reachtaíochta arna spreagadh ag TES i bhfeidhm in 2021: an **Treoir maidir le hUisce Óil** a raibh tionchar ag **Tionscnamh Right2Water** uirthi agus **Rialachán na Trédhearcachta** (mar a thugtar air) ar cuid é den obair a lean an **Tionscnamh *Ban Glyphosate***.

Sa teachtaireacht físeáin uaithi, tharraing **Věra Jourová** aird ar na hathruithe agus na feabhsuithe a tugadh isteach leis an Rialachán nua maidir le TES, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2020. Mhínigh sí ansin go dtéann fíorthionchar thionscnaimh TES níos faide ná reachtaíocht bhreise: “Is iomaí tionchar a d’fhéadfadh a bheith fiú ag na tionscnaimh sin nach mbaineann céimeanna foirmiúla deiridh an phróisis amach,” a dúirt sí. “Ón uair a chuireann saoránaigh tús le tionscnamh TES, bíonn an cheist a bhfuil suim acu inti tugtha isteach sa spás poiblí acu. Músclaítear feasacht leis seo agus bíonn dea-thionchar mar thoradh air.”

Dúirt **an tUasal Silva Pereira** go raibh an díospóireacht á stiúradh go fóill ag Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcaoi is fearr le feasacht a mhúscailt i dtaca le TES agus ar an mbealach ar féidir feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibríonn sé: “Tá sé tábhachtach a áirithiú, má éiríonn le tionscnamh an chéim dheiridh a bhaint amach, go ndéanfar machnamh domhain air agus go dtabharfar aghaidh cheart air.” (na)

---



## Ba cheart an soláthar poiblí ciorclach a bheith éigeantach do rialtais i dtíortha an Aontais

**I bhfianaise a gcaiteachais bhliantúil de thuairim is 14% (nó €2 thrilliún) de OTI iomlán an Aontais, is iad na rialtais na tomhaltóirí is mó san Eoraip. Eascraíonn a gcaiteachas go príomha as tairiscintí poiblí chun oibreacha, seirbhísí agus soláthairtí a cheannach ó chuideachtaí.**

Rinneadh obair shuntasach le blianta beaga anuas san Aontas chun údaráis phoiblí a spreagadh patrúin tomhaltais níos inbhuanaithe a ghlacadh, ar patrúin iad a théann thar na riachtanais ghearrthéarmacha agus a chuireann tionchair fhadtéarmacha gach ceannacháin san áireamh.

Ó 2017 i leith, tá treoir eisithe ag an gCoimisiún Eorpach i bhfoirm na gcritéar maidir le Soláthar Poiblí Glas lena dtugtar isteach gnéithe an gheilleagair chiorclaigh de réir a chéile d’fhonn lúba ábhair agus fuinnimh i slabhraí soláthair a dhúnadh agus lena laghdaítear an tionchar diúltach ar an gcomhshaol agus cruthú dramhaíola ag an am céanna.

É sin ráite, ní raibh ach tionchar beag ag na bearta sin ós rud é gur comhlíonadh deonach atá i gceist. Creideann CESE gur mithid **íoscheanglas éigeantach** a thabhairt isteach i leith **na gcritéar maidir le Soláthar Poiblí Glas** agus borradh láidir a chur faoin ngeilleagar ciorclach trí threoracha maidir le soláthar poiblí agus reachtaíocht a bhaineann le hearnálacha sonracha.

Cuirfidh an soláthar poiblí ciorclach ar a gcumas do lucht riaracháin dul níos faide ná an critéar praghais is ísle tráth an cheannaigh.

“Is minic a mheastar go bhfuil conspóid ag baint leis an soláthar toisc go mbíonn na critéir roghnúcháin do thionscadail thar a bheith aontaobhach i bhfad rómhinic. Ní chuirtear an tionchar saolré nó an méid a bhaintear amach le tionscadal san áireamh”, arsa an tUasal **Wyckmans**. “Ba cheart droim láimhe a thabhairt leis an smaoineamh gur cheart an praghas is ísle a bheith mar an t-aon critéar leithdháilte agus cur chuige a chuireann 'luach ar airgead' ar fáil a ghlacadh, lena gcuimsítear nuálaíocht, caighdeán na dtáirgí agus seirbhísí, inbhuanaitheacht, glasú agus tionchar sóisialta.”

Tá roinnt teimpléad maidir le costáil saolré forbartha ag an gCoimisiún Eorpach cheana féin agus tá fáil ag soláthróirí orthu saor in aisce chun gur féidir leo iad a sheiceáil i gcomparáid le táirgí agus seirbhísí. Leis na huirlisí sin, is féidir leis na húdaráis phoiblí costais saolré an táirge, na hoibre nó na seirbhíse ó chéim an cheannacháin, na hoibríochta agus na cothabhála go dtí deireadh na saolré a chur san áireamh. Creideann CESE gur cheart na teimpléid sin a uasghrádú ionas go gcuirfear an costas carbóin san áireamh.

Ina theannta sin, creideann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh deis ag **fiontair bheaga agus mheánmhéide** tairiscintí a chur isteach ar chonarthaí poiblí ciorclacha agus go bhfaighidh siad an cúnamh atá ag teastáil uathu. Tá acmhainneacht ollmhór ag baint leis na fiontair sin ach tá baol ann go gcuirfear i leataobh iad mar gheall ar chastacht an nós imeachta. Ní féidir leo cur le tairiscintí áitiúla agus tairiscintí atá dírithe ar an duine ach amháin má chuirtear an tacaíocht riachtanach ar fáil. (dm)



## Trédhearcacht pá: bearta ceangailteacha ag teastáil cé nach leor iad chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú

**Is díol sásaimh do CESE an tionscnamh ón gCoimisiún maidir le bearta ceangailteacha trédhearcachta pá. Measann sé, áfach, gur cheart an treoir atá beartaithe a neartú i roinnt réimsí agus bearta breise a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an mbearna phá idir na hinscní.**

Sa tuairim uaidh a glacadh an 9 Meitheamh, chuir CESE in iúl gur díol sásaimh dó an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir maidir le bearta ceangailteacha trédhearcachta pá, lena gcuideofar le hoibrithe a gceart chun pá comhionainn a fhorfheidhmiú i gcásanna ina mbíonn siad thíos le hidirdhealú pá.

Os a choinne sin, measann CESE nach mór an treoir atá beartaithe a neartú i roinnt réimsí, lena n-áirítear na critéir a úsáidtear chun luach na hoibre, raon feidhme roinnt bearta trédhearcachta agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus na cómhargála a chinneadh.

**Pá comhionann agus obair ar comhionann a luach**

Tá feidhm ag prionsabal “an phá chomhionainn as obair ar comhionann a luach” maidir le “catagóirí oibrithe”, ar catagóirí iad a bheidh sonraithe ag an bhfostóir faoin togra ón gCoimisiún. Tá CESE den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh sásraí ann chun a chinntiú go ndéantar catagóirí oibrithe a eagrú ar bhealach atá inscne-neodrach agus a mbeidh ionadaithe na n-oibrithe agus na gceardchumann rannpháirteach iontu, i gcomhréir leis an dlí agus an cleachtas náisiúnta.

Le bearta breise arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna struchtúracha is cúis leis an mbearna phá idir na hinscní, ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh: cúram leanaí leordhóthanach agus inrochtana, tionscnaimh múscailte feasachta, ionadaíocht níos fearr do mhná i bpoist chinnteoireachta a chinntiú agus deireadh a chur le dídhreasachtaí cánach maidir le fostaíocht na mban. Tá an tuarascáil le fáil ina hiomláine anseo. (na)



## Tá sé ríthábhachtach ról idirnáisiúnta an euro a neartú chun ról na hEorpa sa domhan a fheabhsú

**Ní mór don Aontas cuspóirí uaillmhianacha eacnamaíocha a leagan síos d'fhonn an euro a neartú. Tá tábhacht leis seo, murab ionann is riamh, i bhfianaise a thapa atá an geilleagar domhanda ag athrú agus i bhfianaise an róil atá ag an Aontas faoi láthair ó thaobh nuálaíochta agus iomaíochais de agus ó thaobh timpeallacht atá fabhrach don infheistíocht a chothú.**

I dtuairim uaidh a glacadh ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí an Mheithimh 2021, chuir CESE in iúl gur dhíol sásaimh dó an Teachtaireacht ón gCoimisiún *The European economic and financial system: fostering openness, strength and resilience* [Córas eacnamaíoch agus airgeadais na hEorpa: oscailteacht, neart agus athléimneacht á gcothú]. Mar gheall ar an gclaochlú de thoradh na paindéime, tá athrú suntasach tagtha ar chothromaíocht na cumhachta eacnamaíche ar fud an domhain. Ba cheart don Aontas Eorpach, dá bhrí sin, beart a dhéanamh go tapa chun cur le hathléimneacht eacnamaíoch na hEorpa. Go háirithe, aontaíonn CESE gur gá ról idirnáisiúnta an euro a neartú chun go mbeadh sé ina uirlis lárnach maidir le ról na hEorpa sa domhan a neartú.

Bhí **Tomasz Wróblewski** (Grúpa I, Grúpa na bhFostóirí) ina rapóirtéir ar an tuairim seo ó CESE. Dar leis, ba cheart don Choimisiún díriú níos mó ar na cúiseanna a bhfuil ról idirnáisiúnta an euro ag dul i laige. "Cé gur fíor go bhfuil staid dhomhanda an euro ag dul i laige, tá staid an dollar ag dul i laige ar ráta níos tapa fós," a dúirt sé. "Ina ainneoin sin, bíonn tionchar ag nithe éagsúla ar staid an euro." Ar an gcéad dul síos, níl ann do chómhargadh chomhtháite le haghaidh seirbhísí airgeadais. Mura gcuirtear an **tAontas Baincéireachta** agus **Aontas na Margaí Caipitil** i gcrích, beidh sé deacair dul in iomaíocht leis an dollar."

Molann CESE aird bhreise a thabhairt ar gheilleagair na **Síne** atá ag fás go gasta agus iarrann sé plean gníomhaíochta a bheith ann a chuireann an méid sin san áireamh. Tá ról renminbi na Síne ag dul i méid sa trádáil agus san imréiteach idirnáisiúnta. Tá an tSín ag obair go dian freisin ar a hairgeadra digiteach, rud a fhágann go bhfuil an tSín chun tosaigh ar an gcuid is mó den domhan. Ní mór don Aontas freagairt go gasta agus tá CESE i bhfách leis an togra maidir le euro digiteach a chruthú. Seo an méid a dúirt Tomasz Wróblewski: "D'fhéadfadh sé go mbeadh réitigh níos tarraingtí ag an Eoraip sa réimse seo i bhfianaise a thiomanta atáimid do chosaint sonraí pearsanta agus do phríobháideachas úsáideoirí." (na)




# Fíor-rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gcur chun feidhme na bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta iarrtha ag CESE

**Ag comhdháil bhliantúil a Ghrúpa um an Seimeastar Eorpach a tionóladh go cianda an 31 Bealtaine thug CESE foláireamh gur fada ó bheith sásúil í rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta i bhformhór thíortha an Aontais.**

Ghlac príomhchainteoirí ó institiúidí an Aontais, Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta Náisiúnta, meithleacha machnaimh agus eagraíochtaí sochaí sibhialta an Aontais páirt sa chomhdháil Eoraip athléimneach a thógáil – an tsochaí shibhialta agus na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. Díríodh sa chomhdháil ar thrí ábhar: rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, aistriú cóir i dtreo geilleagair Eorpaigh atá glas, digiteach agus inbhuanaithe agus cur chun feidhme cholún Eorpach na gceart sóisialta.

Chuir **Christa Schweng**, Uachtarán CESE, tús leis an díospóireacht agus í ag cur béime ar an dúshlán a bhaineann le réimse féidearthachtaí nua a dhéanamh den ghéarchéim reatha. Dúshlán ar leith is ea tairbhe a bhaint as acmhainneacht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta: “Ní dheachaigh formhór na mBallstát i mbun comhairliúchán leordhóthanach leis an tsochaí shibhialta eagraithe nó rinne siad a leithéid ródhéanach”, a dúirt an tUachtarán. Is éard atá againn faoi láthair sraith Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta atá an-éagsúil óna chéile ó thaobh cáilíochta agus modheolaíochta de agus, le fírinne, tá amhras orainn go bhfuil na riachtanais ar an láthair á gcomhlíonadh ag na pleananna sin.”

Dúirt Uachtarán Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na hIodáile (CNEL), **Tiziano Treu**, gurb é ról na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa foirm nua rialachais Eorpaigh a leagan amach, ar foirm í is gá a dhéanamh níos simplí agus níos éifeachtaí agus nach mór rialacha cuí a bheith mar chuid di chun rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe a chinntiú.

“Beidh 'Colún Saoránachta' níos láidre, lena gcuimsítear an tsochaí shibhialta eagraithe agus údaráis réigiúnacha agus áitiúla, i gcomhar le parlaimintí náisiúnta, ríthábhachtach chun a chinntiú go ndéanfar faireachán ceart ar phróisis athchóirithe agus infheistíochtaí agus chun rannpháirtíocht riachtanach na ngeallsealbhóirí dlisteanacha a bhaint amach”, arsa Leas-Uachtarán an Ghrúpa um an Seimeastar Eorpach, **Luca Jahier**. (na)



# I dtreo córais bhia atá níos inbhuanaithe – ní mór don aistriú a bheith cuimsitheach agus cothrom, dar le CESE

**D’fhonn rannchuidiú le Cruinniú Mullaigh 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia, reáchtáil CESE éisteacht ar líne an 28 Bealtaine chun leochaileachtaí agus neamhionannais i gcórais bhia na hEorpa a fhiosrú agus chun a shainaithint conas slabhraí soláthair atá níos cothroime agus níos córa a bhaint amach. Chuir cainteoirí ardleibhéil ó na Náisiúin Aontaithe, ón gCoimisiún Eorpach agus ó Pharlaimint na hEorpa a dtuairimí i láthair faoi na hathruithe is gá a dhéanamh chun cothromas, cothroime agus cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a neartú san aistriú i dtreo córais bhia atá níos inbhuanaithe.**

Gairm chun gnímh agus chun athruithe a dhéanamh ab ea paindéim COVID-19. In ainneoin feirmeoirí agus oibrithe an chórais bia a bheith ar an líne thosaigh ag comhrac in aghaidh ghéarchéim COVID-19 agus bia a bheith á sholáthar acu gan staonadh do mhuintir na hEorpa ar fad, dar le **Andreas Thurner**, Uachtarán Ghrúpa Téamach Staidéir CESE um Córais Bhia Inbhuanaithe, "go bhfuil sé léirithe ag an ngéarchéim seo nach féidir talamh slán a dhéanamh de gur féidir bia a sholáthar ‘ón bhfeirm go dtí an forc’".

Tá roinnt tograí agus smaointe sonracha forbartha ag CESE le himeacht ama, agus is féidir iad a rangú go hachomair i gcúig thacar moltaí a chuirfidh bonn eolais faoi Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia:

I. Beartais bhia chuimsitheacha agus chomhtháite a chothú;

II. Aistí bia níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn;

III. Praghsanna córa a áirithiú agus cleachtais éagóracha trádála a thoirmeasc;

IV. Cur le hacmhainneacht slabhraí soláthair bia gairide agus na hagrai-éiceolaíochta;

V. Rannpháirtíocht struchtúrtha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú.



## Ní mór roghanna réadúla eile a chur ar fáil le glasú an iompair

**Tacaíonn CESE le glasú an iompair, ach cuireann sé i dtábhacht nach mór don aistriú fuinnimh a bheith cothrom agus roghanna réadúla inmharthana a chur ar fáil lena gcuirfear gnéithe agus riachtanais shonracha eacnamaíocha agus shóisialta na réigiún uile san Eoraip san áireamh, lena n-áirítear ceantair thuaithe.**

Is é sin an phríomhtheachtaireacht a chuirtear chun tosaigh sa tuairim a dhréachtaigh **Pierre Jean Coulon** agus **Lidija Pavić-Rogošić** agus a glacadh ag seisiún iomlánach CESE i mí an Mheithimh. Ghlac CESE seasamh docht sa mheasúnú uaidh ar Pháipéar Bán 2011 maidir le hIompar, arb é is aidhm dó deireadh a chur le spleáchas an chórais iompair ar ola gan dochar a dhéanamh don éifeachtúlacht ná an tsoghluaisteacht a chur i mbaol.

Ní ghlacfar le srian a chur le modhanna iompair: cómhódúlacht an aidhm ba cheart a bheith ann seachas aistriú córa iompair. Ina theannta sin, ní mór don aistriú éiceolaíoch a bheith cothrom ó thaobh na sochaí de agus iomaíochas an iompair Eorpaigh a chaomhnú, agus an Limistéar Iompair Eorpach á chur chun feidhme ina iomláine mar chuid den Mhargadh Aonair. Is trua go bhfuil moilleanna ann i ndáil leis sin.

"Ní ghlacfar ach an oiread le srian a chur leis an tsoghluaisteacht. Tacaímid le haon bheart arb é is aidhm dó an t-iompar a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus astaíochtaí a laghdú," arsa **an tUasal Coulon**. "Tréimhse achrannach atá ann don Eoraip faoi láthair, ach níor cheart athrú cúrsa a bheith mar thoradh air sin i ndáil le hionchais shóisialta agus chomhshaoil na dtionscnamh Eorpach éagsúil."

Molann CESE freisin malartú barúlacha atá oscailte, leanúnach agus trédhearcach a bheith ann i dtaca le cur chun feidhme an Pháipéir Bháin. "Tarraingíonn an Coiste aird ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht na sochaí sibhialta agus na ngeallsealbhóirí a chinntiú, lena n-áirítear trí idirphlé rannpháirteach", a dúirt **Pavić-Rogošić**. "Beidh tuiscint mhaith ar na spriocanna straitéiseacha agus glacadh ginearálta leo an-chabhrach chun dea-thorthaí a bhaint amach." (mp)



## CESE i mbun plé ar an straitéis tionsclaíochta Eorpach nuashonraithe

**An 17 Meitheamh, reáchtáil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus an Coimisiún Comhairleach um Athrú Tionsclaíoch (CCMI) in CESE díospóireacht bhríomhar inar scrúdaíodh tuairimí na sochaí sibhialta eagraithe tar éis don Choimisiún Eorpach an nuashonrú ar an Straitéis Tionsclaíochta Nua a fhoilsiú. Sa díospóireacht sin, arb í an chéad díospóireacht í mar chuid de shraith comhghníomhaíochtaí le rannóga CESE ar an ábhar, ceistíodh an bhfuil go leor gnéithe sa straitéis nuashonraithe chun feabhas a chur ar athléimneacht agus neamhspleáchas straitéiseach thionscal an Aontais.**

An 5 Bealtaine 2021, nuashonraigh an Coimisiún Straitéis Tionsclaíochta an Aontais chun a chinntiú go gcuirfear san áireamh i bhfís na straitéise maidir le hearnáil na tionsclaíochta go bhfuil cúinsí nua ann anois i bhfianaise ghéarchéim COVID-19 agus go spreagfar an t-aistriú chun geilleagar níos inbhuanaithe, níos digití, níos athléimní, agus atá níos iomaíche ar fud an domhain, a chur ar bun.

Dúirt **Pietro Francesco De Lotto**, Cathaoirleach CCMI agus an cathaoirleach a bhí ar an díospóireacht freisin, go bhfuil: "dlús curtha ag paindéim COVID-19 le go leor próiseas a bhí ar siúl cheana féin. Ní fhacthas riamh an luas a raibh ar an tsochaí agus ar an tionscal próisis digitithe a ghlacadh le 16 mhí anuas agus is athruithe ceannródaíocha atá feicthe againn; ar an gcéad dul síos, na slabhraí soláthair, ansin an trealamh leighis agus, ina dhiaidh sin, na vacsaíní. "

Chuir **Alain Coheur**, Cathaoirleach ar an Rannóg um an Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas (INT), a bhí ina chomhchathaoirleach ar an díospóireacht, síos ar an gcomhthéacs ina ndéantar obair an dara painéal, agus dúirt: "Thug an ghéarchéim saincheisteanna eile chun tosaigh, saincheisteanna nach raibh luaite sa chéad Teachtaireacht maidir leis an straitéis tionsclaíochta i mí an Mhárta 2020. Ní mór an ghéarchéim seo a fheiceáil mar dheis chun neamhspleáchas tionsclaíoch a thabhairt don limistéar Eorpach".

Dúirt **Anthony Whelan**, comhairleoir digiteach d'Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, **Ursula Von der Leyen,** agus é ag cur uirlisí an Choimisiúin i láthair chun spleáchas an Aontais a mheas: "Inár gcleachtadh ón mbun aníos, d'aithníomar líon an-teoranta réimsí ina bhfuil an tAontas ina iomláine i gcleithiúnas a chuireann imní orainn."

Beidh sraith díospóireachtaí ag CESE ar an straitéis tionsclaíochta: seacht gcinn de sheimineáir ghréasáin, ag tosú leis an gceann reatha an 17 Meitheamh. Tá díospóireacht deiridh ardleibhéil beartaithe do mhí an Mhárta 2022. (ks)



# Na comhpháirtithe trasatlantacha meáite ar bheart a dhéanamh de réir a mbriathair

**Tháinig an Coiste Leantach um Chaidreamh Trasatlantach, a chuir CESE ar bun, le chéile cúpla lá roimh an gcruinniú mullaigh ardleibhéil AE-SAM chun plé a dhéanamh ar réimse leathan ábhar atá tábhachtach don tsochaí shibhialta, go mór mór an t-athrú aeráide agus cúrsaí trádála.**

"Is údar mór misnigh a bhfuil ag tarlú i dtaca leis na hábhair sin ar dhá thaobh an Aigéin Atlantaigh", arsa **Christian Moos**, Uachtarán an Choiste Leantaigh um Chaidreamh Trasatlantach in CESE.

Dheimhnigh **David Livingston**, comhairleoir sinsearach do Thoscaire Speisialta Uachtaránachta na Stát Aontaithe maidir leis an Aeráid John Kerry, go raibh rialtas reatha SAM lántiomanta anois cuspóirí Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh agus tuilleadh a dhéanamh ina theannta sin. “Ní chuirfear suas”, a dúirt sé, “le mórthíortha tábhachtacha a ligfidh 2021 tharstu gan a Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta go mór óir is dlúthchuid lárnach de Chomhaontú Pháras iad.”


“A bhuí le rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta sna Stáit Aontaithe agus san Aontas Eorpach agus i dtíortha eile, bhí SAM in ann leanúint de bheith rannpháirteach, in ainneoin easpa tiomantais ón rialtas a bhí in oifig roimhe seo”, a dúirt **Elina Bardram**, ó Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Ghníomhú ar son na hAeráide (DG CLIMA).

Chuir **Emilie Bel**, saineolaí ó Chomhairle an Atlantaigh, i bhfios go láidir go raibh muintir na hEorpa réidh chun clár oibre dearfach trádála a chur i dtoll a chéile ar bhonn lánchothrom.

Dhearbhaigh **Marjorie Chorlins** ó Chomhlachas Tráchtála na Stát Aontaithe, in ainneoin na suaiteachta polaitiúla trasatlantaí agus an chúlaithe eacnamaíochta a tharla de dheasca COVID-19, go raibh na Stáit Aontaithe agus an Eoraip fós ar na margaí ba thábhachtaí dá chéile. Léiríodh i d*Tuarascáil 2021 maidir leis an nGeilleagar Trasatlantach*, a foilsíodh le déanaí, gurb iad an dá chomhpháirtí sin faoi deara sciar suntasach den tomhaltas domhanda agus den OTI domhanda.

Leag **Tanja Buzek**, Uachtarán an Choiste Leantaigh um Thrádáil Idirnáisiúnta in CESE, béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ar mhaithe le beartas trédhearcach trádála agus ar an ngá atá le comhrialtais láidre chun an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a athchóiriú. (at)

## Foilseachán nua: Gníomhaíochtaí CESE le linn Uachtaránacht na Slóivéine (Iúil-Nollaig 2021)




**Sa dara leath de 2021 beidh Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag an tSlóivéin den dara huair. Agus den dara huair is ag tráth cinniúnach don Eoraip a tharlóidh sin.**

In 2008, bhí ar an Aontas dul i ngleic leis an ngéarchéim airgeadais agus inniu féin tá sé ag streachailt leis na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le paindéim COVID-19. Ní haon ionadh, dá bhrí sin, go bhfuil ullmhacht agus athléimneacht an Aontais i leith géarchéimeanna, go háirithe i réimse na sláinte, ar phríomhthosaíochtaí Uachtaránacht na Slóivéine, chomh maith le saincheisteanna straitéiseacha eile, amhail an chibearshlándáil. Beidh Uachtaránacht na Slóivéine freagrach freisin as go leor de na cúraimí a bhaineann leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa a chur chun feidhme.

Tá CESE ag tnúth le bheith ag obair go dlúth le hUachtaránacht na Slóivéine, go háirithe ós rud é go bhfuil na tosaíochtaí céanna againn, mar atá an téarnamh eacnamaíoch, aistriú cóir aeráide agus aistriú cóir digiteach maille le cosaint an smachta reachta, ar cuid lárnach d’obair CESE freisin iad.

Tá an bróisiúr seo le fáil as EN, FR, DE agus SL ar shuíomh gréasáin CESE
Is féidir cóipeanna clóite a ordú ó: vipcese@eesc.europa.eu.

# NEWS FROM THE GROUPS




## Grúpa na bhFostóirí ag iarraidh Ionstraim Dhigiteach Tuaithe de dhroim a sheimineáir ghréasáin ar an digiteáil

**Le Grúpa na bhFostóirí in CESE**

**Tar éis do CESE tuairimí uaidh a ghlacadh le déanaí maidir leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha (DMA) agus leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) ag an seisiún iomlánach a bhí ar siúl aige i mí an Mheithimh, reáchtáil Grúpa na bhFostóirí seimineár gréasáin ar na "Dúshláin a bhaineann leis an digiteáil agus le geilleagar nua an Aontais Eorpaigh" an 14 Meitheamh.**

Athraíonn an digiteáil sochaithe agus geilleagair. Tá méadú ag teacht ar an méid atá seirbhísí digiteacha fite fuaite i ngeilleagar na hEorpa agus tá todhchaí dhigiteach na hEorpa á múnlú acu, ar treocht í a bhfuil dlús breis curtha leis mar gheall ar ghéarchéim COVID-10. Bhí an Coimisiún Eorpach an-ghníomhach maidir le tionscnaimh éagsúla a sheoladh chun ceannasacht dhigiteach na hEorpa a chothú, trí thimpeallacht ar líne atá sábháilte, cothrom, oscailte agus cuntasach a chinntiú dá shaoránaigh agus trí acmhainneacht a Mhargaidh Aonair Dhigitigh a scaoileadh.

Ní hionann an dul chun cinn atá déanta maidir le digiteáil ar fud an Aontais Eorpaigh, áfach. Is iomaí ceantar tuaithe iargúlta atá ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh maidir le seirbhísí digiteacha a úsáid chun fás eacnamaíoch a spreagadh, ach bíonn deacrachtaí áirithe acu mar go mbíonn bonneagar agus scileanna easnamhacha acu.

I dtaca leis an seimineár gréasáin, a tionóladh faoi choimirce Thoscaireacht na Portaingéile de Ghrúpa na bhFostóirí in CESE agus faoi chuimsiú uachtaránacht na Portaingéile, agus inar díríodh ar an tsaincheist seo mar cheann de phríomhthosaíochtaí an Ghrúpa, is éard an aidhm a bhí aige cur leis an díospóireacht ar an gcaoi le DMA agus DSA a dhéanamh oiriúnach dá bhfeidhm agus, dá bhrí sin, bonn eolais a chur faoin bpróiseas reachtach.

D'aithin cainteoirí agus rannpháirtithe go raibh gá ann an deighilt dhigiteach idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe a dhruidim le soláthar snáithín agus 5G i gcathracha mar aon le ceantair thuaithe, agus d'iarr siad Ionstraim Dhigiteach Tuaithe.

Maidir le bonneagar digiteach, chuir fostóirí an Aontais in iúl go raibh gá le daoine a bhfuil scileanna acu. Ní féidir an t-aistriú digiteach a chur i gcrích ach amháin má tá litearthacht dhigiteach bhunúsach ag gach Eorpach agus má tá dóthain lucht saothair a bhfuil scileanna digiteacha acu ann. Leag na fostóirí béim air gur chóir don Aontas agus do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na pleananna náisiúnta faoi chuimsiú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus as na hionstraimí cistiúcháin eile atá ann cheana (Clár don Eoraip Dhigiteach, InvestEU, Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta) chun Aontas ceart DIGITEACH a thógáil.

D'athdhearbhaigh na cainteoirí freisin nach mbeadh cuideachtaí na hEorpa in ann fás san Aontas Eorpach ach amháin trí ilroinnt bhreise ar an Margadh Aonair Digiteach a sheachaint. Cabhróidh reachtaíocht chomhchuibhithe le cuideachtaí Eorpacha toisc nach mbeidh orthu déileáil le 27 gcóras dlí éagsúla agus toisc go mbeidh deimhneacht dhlíthiúil, intuarthacht agus cothrom iomaíochta acu i margadh ina bhfuil na

dálaí iomaíochta cothrom do chách, go háirithe do FBManna, a bhíonn ag plé le formhór mór na n-ardán digiteach.

Mar aon le Margadh Aonair Digiteach lánfheidhme, thacaigh fostóirí an Aontais go daingean leis an bpríomhchuspóir Ceannasacht Dhigiteach na hEorpa a athbhunú agus fanacht oscailte don tsaorthrádáil agus tacú leis an gcóras iltaobhach san am céanna. Maidir leis sin, chuir siad fáilte roimh an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) agus an Ionstraim um Margaí Digiteacha (DMA) mar chuid de fhreagra na hEorpa chun cothrom iomaíochta a chruthú do na seirbhísí ar líne go léir, i gcomhréir le luachanna agus caighdeáin na hEorpa.

Leag siad béim air, áfach, nár mhór don Aontas a chumhacht rialála agus cumais thionsclaíocha agus theicneolaíocha a ghiaráil chun samhail Eorpach na digiteála a chur chun cinn agus an timpeallacht dhomhanda a mhúnlú má tá sé ag iarraidh a bheith ina ghníomhaí geopholaitiúil ag a bhfuil fíor-chumhacht dhigiteach.

Tá tuilleadh faisnéise faoin imeacht féin nó faoi na moltaí le fáil ach cliceáil anseo (dv)

---




## Beart a dhéanamh chun an bhearna pá idir na hinscní a dhúnadh roimh 2104

**Le Grúpa na nOibrithe in CESE**

**Ar an meán, tuileann mná 14 % níos lú ná fir san Eoraip. Cé go bhfuil cursaí ag dul i bhfeabhas de réir a chéile i dtíortha áirithe, is in olcas atá cúrsaí ag dul i dtíortha eile. Táthar ag súil go ndúnfar an bhearna faoin 22ú haois, nó mar sin, san Aontas Eorpach ach i dtíortha amhail an Fhrainc, meastar go nglacfaidh sé míle bliain eile chun é sin a bhaint amach.**

Is iomaí cúis atá leis an mbearna pá: leithscaradh earnála (tá i bhfad níos mó ban ag obair in earnálacha lena mbaineann pá íseal); cothromaíocht oibre is saoil (caitheann mná níos mó ama i mbun oibre gan íocaíocht sa bhaile); an tsíleáil ghloine (ní mná iad ach níos lú ná 10 % de Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin); agus idirdhealú soiléir, d’ainneoin an dlí.

D’fhonn cuidiú le haghaidh a thabhairt ar an mbearna pá idir na hinscní agus deireadh a chur leis an idirdhealú pá, d’eisigh an Coimisiún togra maidir le Trédhearcacht Pá, lena ngabhann sásraí um fhorfheidhmiú chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach a neartú. Airítear sa togra an coincheap bunúsach atá dírithe ar **rialacha ceangailteacha maidir le trédhearcacht pá** agus beartaítear leis freisin an rochtain ar cheartas a fheabhsú.

Ní hí an trédhearcacht pá an t-aon uirlis, ná baol air, trínar féidir an t-idirdhealú pá a chomhrac ach, bíodh sin mar atá, is léir gur gá a bheith in ann struchtúir inscnechlaonta a shainaithint má táthar chun aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí pá.

Tá feabhsuithe ar an togra bunaidh ón gCoimisiún molta ag CESE i dtuairim dá chuid ina n-iarrtar go ndéanfaí an treoir a neartú trína ráthú go bhféadfaidh gach oibriú tairbhiú den bhuntáiste sin, ní hamháin iad siúd atá ag obair i gcuideachtaí móra. Tá rath na mbeart sin ag brath ar fhíor-rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta.

Is príomhsprioc iad pá níos cothroime a chinntiú agus deireadh a chur leis an idirdhealú pá chun cearta bunúsacha na n-oibrithe go léir san Eoraip a chosaint.

---



## Ní mór saoirse na meán a chosaint go gníomhach agus gan talamh slán a dhéanamh di

**Le Elena-Alexandra CALISTRU, comhalta den ghrúpa 'Éagsúlacht Eoraip' in CESE**

**Is beag an áit ar domhan a bhfeictear a leithéid de thraidisiún láidir na hEorpa i gcosaint luachanna na meán saor agus neamhspléach. Mar sin féin, le teacht na n-ardán digiteach, treochtaí neamhliobrálacha bac a chur leis an rochtain ar eolas, an bhagairt mhéadaitheach fiosruithe a dhéanamh faoi iriseoirí agus géarchéim COVID-19, cuirtear brúnna éagsúla, comhuaineacha ar an éiceachórais lena gcuirtear meáin ag a bhfuil leibhéal saoirse as an ngnáth acu ar fáil agus lena ligtear do na meáin sin a ról daonlathach a chomhlíonadh.**

Ghlac CESE **tuairim** le déanaí maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún ***Europe's media in the Digital Decade: an action plan to support recovery and transformation*** [Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú leis an Téarnamh agus leis an gClaochlú]. **Ba dhíol sásaimh ar leith dúinn gur aithníodh go bhféadfadh na buntreochtaí sin agus géarchéim COVID-19 milleadh faoi athléimneacht earnáil meán na hEorpa agus faoina ról daonlathach, mura mbeidh beartas láidir i bhfeidhm agus tacaíocht airgeadais ar fáil.**


Leis na hionstraimí atá beartaithe sa teachtaireacht, cuimsítear réimse leathan beart atá dírithe ar théarnamh agus ar chlaochlú thionscal na meán chomh maith le feabhas a chur ar athléimneacht an tionscail sin. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór gníomhú chun dul i ngleic leis na dúshláin struchtúracha atá roimh thionscal na meán agus chun timpeallacht chumasúcháin a chothú ina mbeidh na meáin agus an tsochaí shibhialta in ann páirt a ghlacadh i ndíospóireacht oscailte, saor ó chur isteach urchóideach agus ó bhréagaisnéis.

Tá roinnt pointí tábhachtacha, áfach, nach mór a chur san áireamh más mian linn go bhfanfadh an Eoraip mar áit den scoth do shaoirse na meán.

Ar an gcéad dul síos, ba cheart bearta a nascadh leis na réaltachtaí sóisialta a bhaineann leis an neamhréir atá le sonrú i dtionscal na meán agus an chlosamhairc sna Ballstáit éagsúla agus na bearta sin a nascadh le hacmhainneachtaí agus riachtanais éagsúla na meán áitiúil agus náisiúnta chomh maith. Dá bhrí sin, ní mór tacaíocht airgeadais a bheith trédhearcach, inrochtana agus cuimsitheach, go háirithe i gcás na meán áitiúil agus i gcás ghnólachtaí nuathionscanta na meán. Ar an dara sul síos, ní mór go mbeadh an tsochaí shibhialta ina comhpháirtí sa mhéid sin d'fhonn cumhacht a thabhairt do dhaoine aonair, saoirse na meán a neartú agus an bhréagaisnéis a chomhrac trí litearthacht sna meáin a chothú.

Má tá rath le bheith ar "Phlean Gníomhaíochta na hEorpa maidir leis na Meáin", ní mór do na geallsealbhóirí uile a bheith páirteach san iarracht tábhacht na meán dár luachanna daonlathacha a aithint.

# SOON IN THE EESC/CULTURAL EVENTS




# Músaem agus Láithreán Cuimhneacháin ESMA san Airgintín: siombal de chearta an duine

**Chuir Grúpa na nOibrithe feachtas i láthair maidir le Músaem agus Láithreán Cuimhneacháin ESMA san Airgintín a chur ar Liosta Oidhreachta Domhanda UNESCO.**

Is iar-ionad folaitheach coinneála, céastóireachta agus díothaithe é Músaem agus Láithreán Cuimhneacháin ESMA san Airgintín a bhí ar bun le linn dheachtóireacht na hAirgintíne ó 1976 go 1983. Siombail de stair na hAirgintíne is ea é agus, ag an am céanna, is institiúid é a bhfuil ábharthacht idirnáisiúnta ag baint leis de bhrí gur fianaise bhreise é ar sháruithe ar chearta an duine agus ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna, rudaí nár cheart dearmad a dhéanamh orthu riamh.

Tá tacaíocht ag an bhfeachtas chun láithreán oidhreachta de chuid UNESCO a dhéanamh de ESMA ó eagraíochtaí um chearta an duine, ó cheardchumainn Mercosur agus ó Ambasáid na hAirgintíne chuig an Aontas Eorpach.

Reáchtáladh an ócáid ar líne an 26 Meitheamh agus rinneadh sruthú gréasáin uirthi ar leathanach gréasáin CESE agus ar na meáin shóisialta. Tá tuilleadh eolais le fáil anseo: (ck)




## Deich mbliana in aghaidh an athraithe aeráide léirithe i ngrianghraif Ciril Jazbec

**Chun tús Uachtaránacht na Slóivéine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh a cheiliúradh, tá taispeántas ar líne á chur i láthair ag CESE ina dtaispeántar obair an ghrianghrafadóra Ciril Jazbec. Is as an tSlóivéin do Jazbec agus bronnadh gradam Leica Oskar Barnack air agus gradam World Press Photo do 2021.**

Sa taispeántas grianghrafadóireachta fíorúil dar teideal "A decade of climate change [Deich mbliana in aghaidh an athraithe aeráide]" tá sraith 25 íomhá ar cuid de thionscadal fadtéarmach an ealaíontóra í dar teideal "Climate Change Resilience [Athléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide]".

Beidh an oscailt oifigiúil den taispeántas ar siúl an 8 Iúil agus tá sé beartaithe "Live Art Talk [Plé ar líne ar an ealaín]" a bheoshruthú ar an leathanach Facebook. Déanfaidh **Cillian Lohan**, an Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE, an imeacht a óstáil agus beidh **Tamara Weingerl Požar**, Ambasadóir agus Leas-Bhuanionadaí na Slóivéine chuig an Aontas, **Neža Repanšek**, comhalta Slóivéanach de CESE agus an t-ealaíontóir féin i láthair chomh maith.

Beidh an taispeántas ar líne ar siúl ón 5 go 30 Iúil 2021. Ná caill an deis cuairt a thabhairt air **anseo.** (ck)


## Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Daniela Marangoni (dm)

## Contributors to this issue

Amalia Tsoumani (at)
Aude Francois (af)
Chrysanthi Kokkini (ck)
Daniela Marangoni (dm)
Daniela Vincenti (dv)
Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Fabiola Giraldo Restrepo (fgr)
Jasmin Kloetzing (jk)
June Bedaton (jb)
Laura Lui (ll)
Marco Pezzani (mp)
Magdalena Walczak Jarosz (mwj)
Nicola Accardo (na)
Pablo Ribera Paya (prp)
Sveto Trajkovski (st)

# Coordination

Agata Berdys (ab)
Katerina Serifi (ks)

Technical support
Bernhard Knoblach (bk)

# Address

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 23 languages
EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications.
Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link is sent to the editor.

07/2021